2024/588

19.2.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/588 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Feabhra 2024

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'European Cannabis Initiative' ('Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas') de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'European Cannabis Initiative' ('Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas') faoi bhráid an Choimisiúin an 12 Eanáir 2024.

(2) Tagann an iarraidh sin sna sála ar an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh a bhfuil an teideal céanna air a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Samhain 2023.

(3) Maidir leis an iarraidh ar chlárú a cuireadh isteach an 6 Samhain 2023, chuir an Coimisiún in iúl don ghrúpa d'eagraithe, trí litir dar dáta an 6 Nollaig 2023 (C(2023) 8548 final), agus de bhun Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2019/788, gur comhlíonadh na ceanglais maidir le clárú a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointí (a), (d) agus (e), den Rialachán sin agus nach raibh Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (b) de infheidhme. Mhínigh an Coimisiún freisin, áfach, nár chomhlíon an tionscnamh an ceanglas a leagtar amach in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788 a mhéid a bhaineann leis an chéad agus an dara cuspóir den cheithre chuspóir. Leis an chéad chuspóir, iarrtar ar an gCoimisiún 'iarraidh ar na Ballstáit beartais cannabais atá bunaithe ar chearta an duine a chur chun cinn, beartais a eisiann smachtbhannaí coiriúla agus riaracháin a fhorchur i gcás úsáid, seilbh agus saothrú an phlanda agus aon cheann dá dhíorthaigh ag duine fásta chun críoch pearsanta'. Soláthraítear le hAirteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí chun rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo (gáinneáil ar dhrugaí san áireamh), ach táthar ag dul thar bunú rialacha íosta nuair a dhéantar iompar áirithe a eisiamh ó choiriúlú. Ar an gcaoi chéanna, ní sholáthraíonn na Conarthaí bunús dlí leordhóthanach chun smachtbhannaí riaracháin i leith an iompair sin a eisiamh. Mar an gcéanna, maidir leis an dara cuspóir, lena n-iarrtar ar an gCoimisiún 'gan cur isteach ar rogha na mBallstát rialacháin a ghlacadh le haghaidh margadh dleathach le haghaidh úsáid cannabais ag daoine fásta mar fhreagairt ar a gcás náisiúnta', tagann sé go follasach lasmuigh de chumhachtaí an Choimisiúin reachtaíocht a mholadh, ós rud é nach rannchuideodh an cuspóir sin le bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 114 CFAE. A mhéid a bhaineann leis an tríú agus leis an gceathrú cuspóir, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dtagann siad go follasach lasmuigh dá chumhachtaí chun gníomh dlí a mholadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(4) Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl do na heagraithe de bhun Airteagal 6(4), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2019/788 go bhféadfaidís an tionscnamh a leasú chun measúnú an Choimisiúin a chur san áireamh, nó an tionscnamh tosaigh a choimeád ar bun, nó a tharraingt siar, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/788.

(5) An 12 Eanáir 2024, chuir an grúpa d'eagraithe tionscnamh leasaithe isteach.

(6) Baineann trí ghné le cuspóirí an tionscnaimh leasaithe, mar a chuir na heagraithe in iúl iad. Ar an chéad dul síos, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún 'Tionól saoránach tras-Eorpach faoi bheartais cannabais i gcomhthéacs níos fairsinge a thionól maidir leis an méid seo a leanas: scála comhchoiteann smachtbhannaí ar fud an Aontais Eorpaigh; comhsheasmhacht bheartais na mBallstát; deis a bheith ag saoránaigh an Aontais Eorpaigh an t-ábhar íogair sin a phlé eatarthu féin agus leis na hInstitiúidí'. Ar an dara dul síos, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún 'rochtain ar

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

channabas míochaine a chothú bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar eispéireas na n-othar, agus cead a thabhairt cannabas agus a dhíorthaigh atá forordaithe le haghaidh úsáidí teiripeacha a iompar ar fud an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an gceart chun sláinte'. Ar an tríú dul síos, iarrann na heagraithe ar an gCoimisiún 'na hacmhainní riachtanacha a leithdháileadh do thaighde a dhéanamh ar channabas — i gcomhthéacs an chógais thraidisiúnta agus an chógais luibhe san áireamh — maidir lena úsáidí teiripeacha agus chun iad a roinnt go hidirnáisiúnta'.

(7) An dara agus an tríú cuspóir, tá siad mar an gcéanna leis an tríú agus an ceathrú cuspóir den tionscnamh a cuireadh isteach an 6 Samhain 2023.

(8) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh leasaithe, tugtar tuilleadh sonraí faoi ábhar, faoi chuspóirí agus faoi chúlra an tionscnaimh. Luaitear ann maidir leis an Aontas Eorpach 'go bhfuil seasaimh choiteanna glactha aige de réir a chéile ar chuir chuige nuálach i leith beartais atá bunaithe ar chearta an duine' agus maidir le roinnt Ballstát 'go bhfuil athruithe suntasacha déanta acu ina mbeartais náisiúnta a bhaineann le húsáid neamhliachta agus úsáid neamheolaíoch cannabais '. Tagraíonn sé do Chinneadh Réime 2004/757/JHA ón gComhairle ([2]), ina luaitear 'nach bhfuil sé i gcomhréir a thuilleadh leis na forbairtí is déanaí i réimse an rialaithe drugaí agus nach léiríonn sé moltaí idirnáisiúnta agus náisiúnta' lena n-áirítear iad sin a luaitear i dtuarascáil 2023 de chuid Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Tagraíonn an iarscríbhinn sin do Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh agus tugann sé dá aire 'go n-éilítear, de thoradh ar an easpa suntasach dul chun cinn maidir le srianadh támhshuanach aindleathach ar fud na hEorpa, athmhachnamh radacach ar an gcur chuige atá ann cheana féin nár éirigh leis éileamh agus soláthar drugaí a laghdú leis na deicheanna de bhlianta'.

(9) A mhéid a bhaineann leis an chéad chuspóir de chuid an tionscnaimh, tuigeann an Coimisiún go n-iarrann an grúpa d'eagraithe air tionól saoránach tras-Eorpach nó fóram comhchosúil a thionól chun beartais cannabais a phlé i gcomhthéacs níos leithne. Níl na heagraithe ag iarraidh togra ón gCoimisiún le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(10) Le hAirteagal 11(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 1 de Rialachán (AE) 2019/788, tugtar an ceart do shaoránaigh an Aontais iarraidh ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú a chumhachtaí, aon togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá, dar le saoránaigh den Aontas, le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(11) Luaitear in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788 go ndéanfaidh an Coimisiún an tionscnamh a chlárú más rud é 'nach bhfuil aon chuid den tionscnamh beartaithe ó na saoránaigh, go follasach, lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin chun togra le haghaidh gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme;'.

(12) A mhéid a bhaineann leis an chéad chuspóir den tionscnamh leasaithe, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann sé an ceanglas dlíthiúil in Airteagal 6(3), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2019/788, ós rud é nach n-iarrann sé ar an gCoimisiún togra le haghaidh gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais a thíolacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(13) A mhéid a bhaineann leis an dara cuspóir de chuid an tionscnaimh leasaithe, cheadódh Airteagal 168(6) CFAE don Choimisiún moladh ón gComhairle a mholadh chun na gcríoch a leagtar amach in Airteagal 168 CFAE maidir leis an tsláinte phoiblí. D'fhéadfadh moladh den sórt sin iarraidh ar na Ballstáit: (a) 'rochtain ar channabas míochaine a chothú bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar eispéireas na n-othar' agus (b) 'cead a thabhairt cannabas agus aon cheann dá dhíorthaigh atá forordaithe le haghaidh úsáidí teiripeacha a iompar ar fud an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an gceart chun sláinte', chomh fada agus a bheidh an raon feidhme teoranta d'úsáidí dlíthiúla cannabais sa dá chás. Ní sholáthraítear le hAirteagal 168 CFAE bunús dlí chun bearta a bhaineann le reachtaíocht na mBallstát a chomhchuibhiú sa réimse seo, áfach.

(14) A mhéid a bhaineann leis an tríú cuspóir de chuid an tionscnaimh leasaithe, cheadódh Airteagal 173(3), Airteagal 182(1), Airteagal 183 agus an dara mír d'Airteagal 188 CFAE don Choimisiún, i bprionsabal, gníomh dlí de chuid an Aontais a mholadh chun acmhainní a leithdháileadh maidir leis an taighde.

(15) Ar na cúiseanna sin, ba cheart an tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe a chlárú i bpáirt, a mhéid a bhaineann leis an dara agus an tríú cuspóir atá aige, i gcomhréir le hAirteagal 6(4), an tríú fomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2019/788, mar is iad na codanna sin amháin den tionscnamh nach dtagann go follasach lasmuigh de chreat chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

([2]) Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2004/757/oj).

(16) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha is gá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(17) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(18) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(19) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'European Cannabis Initiative' ('Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas') a chlárú i bpáirt i ndáil leis an dara agus an tríú chuspóir atá aige. Dá bhrí sin, féadfar ráitis tacaíochta le haghaidh an tionscnaimh sin a bhailiú a mhéid a bhaineann an tionscnamh leis an dá chuspóir sin.

(20) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú i bpáirt faoi Airteagal 6(4), an tríú fomhír, pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh mar a cláraíodh é cruinn go fíorasach, agus is é grúpa d'eagraithe an tionscnaimh, agus an grúpa sin amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh mar a cláraíodh é in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Déanfar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'European Cannabis Initiative' ('Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas') a chlárú i bpáirt.

2. Féadfar ráitis tacaíochta le haghaidh an tionscnaimh sin a bhailiú, a mhéid a bhaineann leis an dara cuspóir agus leis an tríú cuspóir de, de réir na tuisceana gurb é an aidhm atá leis an méid seo a leanas a bhaint amach le tograí ón gCoimisiún maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme:

(a) rochtain ar channabas míochaine a chothú bunaithe ar fhianaise eolaíoch agus ar eispéireas na n-othar, agus cead a thabhairt do na hothair cannabas agus aon cheann dá dhíorthaigh atá forordaithe le haghaidh úsáidí teiripeacha a iompar ar fud an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go mbainfear leas iomlán as an gceart chun sláinte;

(b) na hacmhainní riachtanacha a leithdháileadh chun taighde a dhéanamh ar channabas i ndáil lena úsáidí teiripeacha.

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe chuig an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'European Cannabis Initiative' ('Tionscnamh Eorpach maidir le Cannabas'), grúpa a bhfuil Francesca CAPUOZZO agus Georg WURTH ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 6 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Věra JOUROVÁ
Leas-Uachtarán